

Na príomhtheachtaireachtaí do dhochtúirí sóisearacha agus do mhic léinn

Breithnigh na teachtaireachtaí seo de bhreis ar na teachtaireachtaí sin do na spriocghrúpaí sonracha a bhaineann le do réimse speisialtóireachta.

Na nithe is féidir leat a dhéanamh

1. Na moltaí uile um úsáid antaibheathach agus um ionfhabhtú a chosc agus a rialú atá ábhartha do do réimse speisialtóireachta a fhoghlaim agus a chur i bhfeidhm [comhdhearcadh saineolaithe].
2. I gcás go bhfeiceann tú antaibheathach a bheith á oideasú, cuir ceist ar an oideasóir faoin tásc, faoin druga atá roghnaithe, faoin dáileog, faoin modh tugtha agus faoi fhad na cóireála chun a dhéanamh amach an gcloíonn sé sin le treoirlínte um úsáid antaibheathach nó nach gcloíonn [69].
3. Má fheiceann tú baill foirne san ospidéal nó i suíomh cúram sláinte atá ag sárú treoirlínte nó prótacal, fiafraigh díobh cén fáth a bhfuil an méid sin á dhéanamh acu agus tabhair dóibh na hacmhainní a theastaíonn chun a thuiscint cá bhfuil siad ag dul ar strae [69] [comhdhearcadh saineolaithe].
4. Sula n-oideasaíonn tú antaibheathach, ba cheart duit na nithe seo a leanas a dhéanamh [25,26,53,70] [comhdhearcadh saineolaithe]:
 - Treoir agus comhairle a lorg ó chomhghleacaí sinsearach nó ó bhall den fhoireann maoirseachta antaibheathach;
 - Sonraí eipidéimeolaíochta áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a sheiceáil.
5. An tásc ar chóireáil antaibheathach, an druga atá roghnaithe, an dáileog, an modh tugtha agus fad na cóireála a thaifeadadh i gcairt an othair [31,42,70,71].
6. Na ceisteanna tábhachtacha seo a leanas a fhreagairt chun teiripe antaibheathach a bharrfheabhsú. Má bhíonn aon amhras ort, téigh i gcomhairle leis an bhfoireann maoirseachta antaibheathach [31,42,53,70,71]:
 - a) An bhfuil ard-dóchúlacht ann go dtiocfaidh ionfhabhtú baictéarach chun cinn, seachas coilíniú nó ionfhabhtú víreasach?
 - b) Ar tógadh na saothráin chuí sular tosaíodh ar theiripe antaibheathach?
 - c) Ar sheiceáil tú an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an othar: úsáid antaibheathach le déanaí, ailléirgí i leith drugaí, úsáid teiripe imdhíon-sochtaí, ospidéalú nó institiúidiú le déanaí, taisteal lasmuigh den Eoraip le déanaí, agus torthaí micribhitheolaíochta do na 3 mhí roimhe?
 - d) An bhfuil ionfhabhtú ar an othar a fhreagróidh d'antaibheathaigh?

Má tá:

 - i. An bhfuil an t-antaibheathach ceart/na hantaibheathaigh chearta, an dáileog cheart agus an modh tugtha ceart á bhfáil ag an othar?
 - ii. An bhféadfaí antaibheathach lena ngabhann speictream níos cúinge a úsáid

chun an t-ionfhabhtú a chóireáil?

iii. Cé chomh fada agus ba cheart don othar an t-antaibheathach/na hantaibheathaigh a thógáil?

7. A chinntiú go dtuigeann othair (agus a dteaghlach) an chúis le teiripe antaibheathach agus na pointí tábhachtacha a bhaineann le húsáid antaibheathach, lena n-áirítear iad seo a leanas [31,69] [comhdhearcadh saineolaithe]:

- a) Antaibheathaigh a thógáil go díreach mar a oideasaíodh iad;
- b) Gan antaibheathaigh a choinneáil dá n-úsáid tráth níos déanaí;
- c) Gan antaibheathaigh atá fágtha ó chóireálacha roimhe seo a úsáid; agus
- d) Gan antaibheathaigh atá fágtha a chomhroinnt le daoine eile.